C/2026/6032

16.11.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12628 — CVC / DIF)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/6032)

1. An 5 Samhain 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— CVC Capital Partners plc ('CVC', Geirsí),

— DIF Management Holding B.V., faoi rialú comhpháirteach CVC agus na ndíoltóirí, ar grúpa de bhunaitheoirí agus comhpháirtithe DIF iad ('DIF', an Ísiltír).

Gheobhaidh CVC rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar DIF ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá CVC mar chuid de Líonra CVC, gnólacht cothromais phríobháidigh agus comhairliúcháin infheistíochta a bhfuil sócmhainní ar fud an domhain á mbainistiú aige, a soláthraíonn comhairle infheistíochta chuig cistí agus feithiclí infheistíochta áirithe agus a bhainistíonn infheistíochtaí thar a gceann,

— Is ciste cothromais bonneagair é DIF a sholáthraíonn comhairle infheistíochta agus a bhainistíonn infheistíochtaí thar ceann cistí agus meáin infheistíochta áirithe, atá dírithe ar infheistíochtaí san Eoraip, i gCríocha Mheiriceá agus san Astraláise.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12628 — CVC / DIF

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.